2013. M72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

---

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH     MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1** agus **trí cheist** eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

## ROINN A – 30 marc


Freagair **sé cinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus meaisín druileála piléir á úsáid.

**(b)** Ainmnigh **dhá** mhiotal neamhfheiriúla.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Ríomhrialú Uimhriúil (CNC).



**(d)** Ainmnigh an chomhpháirt a thaispeántar agus mol feidhm oiriúnach di.

**(e)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht ag baint le *tástáil* i bpróiseas an deartha.

**(f)** Mínigh **gach ceann** acu seo a leanas: **(i)** Poll leacaithe (CSK) agus **(ii)** Poll tapáilmhéide.

**(g)** Ainmnigh na snáithchruthanna atá oiriúnach le go bhfeidhmeodh:
**(i)** ríscriú deile agus **(ii)** seac gluaisteáin.

**(h)** Mol feidhm oiriúnach **amháin** do Chlár Ciorcad Priontáilte (PCB).



## ROINN B – 35 marc

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos, agus tagairt agat do na léaráidí, ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin** acu seo a leanas:



Stialltéitheoir



Meicníocht phéiste is rotha



Meaisín fillte boscaí is pannaí.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Skype, VDU, Víreas, Líonraí sóisialta.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *seoltacht leictreach* maidir le hairíonna ábhar agus ainmnigh ábhar atá ina sheoltóir maith leictreach.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Friotóir inathraithe, Raca agus pinniún, Fórsa comhbhrúiteach, Bís láimhe.

**(m)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** a d'fhéadfaí a bhaint as.



**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Roghnaigh **trí cinn ar bith** de na cóimhiotail as an liosta thíos agus ainmnigh comhpháirt oiriúnach a dhéantar as **gach** cóimhiotal a roghnaítear:


**(i)** Cruach dhosmálta, **(ii)** Prás, **(iii)** Cruach ardluais, **(iv)** Cré-umha.

**(b)** **(i)** Ainmnigh na miotail a dhéantar in **dhá cheann ar bith** de na foirnéisí thíos:

Foirnéis soinneáin, Foirnéis chúpóile, Stuafhoirnéis leictreach.

**(ii)** Déan cur síos, le cúnamh ó léaráid oiriúnach, ar **cheann amháin** de na foirnéisí ainmnithe in **2(b)(i)** thuas.

**(c)** Roghnaigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna a bhfuil lipéad **A**, **B**, **C** agus **D** orthu agus ainmnigh ábhar oiriúnach chun **gach ceann** acu a dhéanamh.




**(d)** Ainmnigh **dhá** mhodh a úsáidtear chun miotail fheiriúla a chosaint ar chreimeadh.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Déan cur síos ar an difríocht idir cruachan agus ainéaladh miotal.

**(ii)** Ainmnigh próiseas teaschóireála a úsáidtear chun dromchla crua a chur ar chomhpháirteanna bogchruach.

**(b)** **(i)** Mínigh conas a chruaitear an casdruilire a thaispeántar thíos le linn dó a bheith á dhéanamh.



**(ii)** Luaigh próiseas teaschóireála **amháin** eile a bhíonn á úsáid nuair a bhíonn casdruilire á dhéanamh.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn uisce á úsáid le haghaidh fuaraithe agus teaschóireáil á dhéanamh ar mhiotail.

**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Saotharchruachan, **(ii)** Brisce, **(iii)** Faghairt.

**NÓ**

**(d)** **(i)** Déan cur síos ar úsáid **amháin** a bhaintear as an neomataic i dtionscal na déantúsaíochta.

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid na neomataice i dtionscal na déantúsaíochta.




**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Déan cur síos ar na bundifríochtaí idir stuatháthú miotail de láimh agus gástáthú.

**(ii)** Luaigh feidhm oiriúnach le haghaidh **gach ceann** de na próisis táthaithe in **4(a)(i)** thuas.

**(b)** Ainmnigh na **trí** chineál lasair ocsaicéitiléine a thaispeántar agus déan cur síos orthu.



**(i)** **(ii)** **(iii)**

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le greamacháin a úsáid nuair a bhíonn ábhair á nascadh.



**(ii)** Ainmnigh an cineál speisialta cnó a thaispeántar agus luaigh buntáiste a bhaineann lena úsáid.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** riachtanas nach mór a chur san áireamh chun alt sádráilte maith a dhéanamh.


**(iv)** Luaigh cúis a bhfuil preabsheamú oiriúnach chun miotal leatháin a nascadh.

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn trealamh ocsaicéitiléine á úsáid le haghaidh prásála.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** Taispeántar thíos dhá phróiseas déanta plaistigh thíos agus na lipéid **A** agus **B** orthu.



**A** **B**

**(i)** Ainmnigh **gach** próiseas déanta plaistigh agus na lipéid **A** agus **B** orthu.

**(ii)** Déan cur síos ar phróiseas déantúsaíochta **amháin** acu siúd a d'ainmnigh tú in **5(a)(i)** agus ainmnigh comhpháirt **amháin** a tháirgtear.

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na téarmaí a leanas, a bhfuil baint acu le plaistigh:

**(i)** Teirmeaplaisteach, **(ii)** Tumbhratú,
**(iii)** Plaisteach teirmithéachtach, **(iv)** Cuimhne leaisteach.


**(c)** Ainmnigh plaisteach a úsáidtear chun **gach ceann** acu seo a leanas a dhéanamh:

**(i)** DVDanna, **(ii)** Fóin phóca.


**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus tú ag obair le plaistigh theo.

**Ceist 6.** **(45 marc)**


**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na hoibríochtaí deile a thaispeántar.




**(i)**



**(ii)**



**(iii)**




**(iv)**

**(b)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna deile a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach ceann** a ainmníonn tú.



**(i)**



**(ii)**




**(iii)**



**(iv)**

**(c)** Taispeántar thíos próiseas deilte á úsáid ar dheil láir.





**(i)** Ainmnigh an próiseas deilte.

**(ii)** Ainmnigh an pháirt **A** a úsáidtear sa phróiseas deilte.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir a chomhlíonadh agus an próiseas deilte in **6(c)(i)** á úsáid.

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna a bhfuil lipéad **A**, **B**, **C** agus **D** ar an deil faoi Ríomhrialú Uimhriúil a thaispeántar.



**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **dhá chineál ar bith** oiriúna is féidir a úsáid nuair a bhíonn poll agus seafta á gcóimeáil agus déan cur síos orthu.

**(b)** Déantar seafta as cruach de réir na dtoisí a thaispeántar.


Luaigh:

**(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta;


**(ii)** Íos-trastomhas an tseafta;


**(iii)** Uas-trastomhas an tseafta;


**(iv)** Lamháltas an tseafta.





**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach ceann** a ainmníonn tú.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhpháirteanna a thaispeántar thíos agus luaigh úsáid oiriúnach do **gach ceann** a ainmníonn tú.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**



**(iv)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

# LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2013

## ENGINEERING - PRACTICAL
## HIGHER and ORDINARY LEVELS

**150 marks**

**29th APRIL - 10th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved by the **teacher** on the test-piece in the position indicated on the drawing 2013. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 4 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 6, 7 and 8 have been made prior to examination day. Using the screws supplied assemble the Mechanism, as detailed on the assembly drawing.
**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

2013. M74AT

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
# ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL

**150 marc**

**29 AIBREÁN - 10 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2013. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.


**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.


| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 4 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 6, 7 agus 8 roimh lá an scrúdaithe. Ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, déan an Mheicníocht faoi mar atá sa líníocht cóimeála.
**(ii)** **Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**


1





2





3




4





5





6


2 De dhíth / OFF





7




8







THALL
OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2013. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

SONRAÍ CÓIMEÁLA
ASSEMBLY DETAILS